**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal de première instance du Luxembourg (Cúirt Chéadchéime Lucsamburg, an Bheilg) a taisceadh an 21 Meitheamh 2022 – SA Cezam v Stát na Beilge**

**(Cás C-418/22)**

(2022/C 359/50)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal de première instance du Luxembourg

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* SA Cezam

*Cosantóir:* Stát na Beilge

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1) Maidir le hAirteagail 62(2), 63, 167, 206, 250 agus 273 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha [1] agus prionsabal na comhréireachta, arna léiriú, *inter alia*, i mbreithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 8 Bealtaine 2019 EN.SA (C-712/17), arna léamh i gcomhar le prionsabal na neodrachta, an gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta amhail Airteagal 70, § 1 den Chód CBL, Airteagal 1 agus Ceannteideal V de Thábla G atá i gceangal le Foraithne Ríoga Uimh. 41 ag socrú méid na bhfíneálacha cánach comhréireacha le haghaidh cánach breisluacha, faoina ndéantar, i gcás míchruinneas a aimsíodh le linn iniúchadh cuntas maidir lena n-ábhar, d'fhonn pionós a ghearradh i leith idirbhearta incháinithe nár iontráladh, go hiomlán nó go páirteach agus ar mhéid níos mó ná EUR 1 250,00, pionós a ghearradh ar an sárú le fíneáil chnapshuime arna laghdú faoi 20 % den cháin atá dlite, gan an cháin ionchuir arna híoc nár asbhaineadh, mar gheall ar easpa dearbhaithe, a bheith inasbhainte chun an fhíneáil a ríomh agus fad nach bhfuil feidhm, faoi mhír 2 d'Airteagal 1 d'Fhoraithne Ríoga Uimh. 41, ag an scála laghdaithe dá bhforáiltear i dTáblaí A go J den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ordú seo ach amháin ar choinníoll go ndearnadh na cionta ar gearradh pionós orthu gan rún an cháin a sheachaint nó an méid sin a éascú?

2) An amhlaidh gur íoc an duine inchánach méid na cánach is iníoctha go deonach nó nach ea tar éis an iniúchta d'fhonn neamhdhóthanacht íocaíocht na cánach a leigheas agus, dá bhrí sin, an cuspóir a bhaint amach chun bailiú ceart na cánach a chinntiú, an mbeadh tionchar ag an méid sin ar fhreagra na ceiste?

(1) IO 2006 L 347, lch. 1.

---

**Achomharc arna thabhairt an 27 Meitheamh 2022 ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Ceathrú Dlísheomra) a tugadh an 27 Aibreán 2022 i gCás T-750/20, Correia v CESE**

**(Cás C-423/22 P)**

(2022/C 359/51)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) (ionadaithe: M. Pascua Mateo, A. Carvajal García-Valdecasas, L. Camarena Januzec, Gníomhairí, agus B. Wägenbaur, Rechtsanwalt)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Paula Correia

**An t-ordú atá á lorg**

1. Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 27 Aibreán 2022 a chur ar neamhní a mhéid a dhearbhaítear leis go bhfuil an t-iarratas ar athmhúnlú gairmréime inghlactha agus diúltú don ordú atá á lorg ag an iarratasóir ag an gcéadchéim;